2024/3135

18.12.2024

CINNEADH (AE) 2024/3135 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2024

lena bhformheastar, thar ceann an Aontais Eorpaigh, leasú ar an bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/1448 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2021/2123 ón gComhairle ([2]), síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Mháratáin (CCII) agus an Prótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin an 15 Samhain 2021 agus cuireadh i bhfeidhm iad go sealadach ó shin i leith.

(2) Le hAirteagal 14(3)(c) de CCII, údaraítear don Chomhchoiste formheas a dhéanamh ar leasuithe ar an bPrótacal Cur Chun Feidhme agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis maidir le coinníollacha agus socruithe teicniúla faoina ndéanann soithí iascaireachta de chuid an Aontais a gcuid gníomhaíochtaí iascaireachta. I gcomhréir le hAirteagal 14(5) de CCII, féadfar cinntí ón gComhchoiste a dhéanamh trí bhíthin malartú litreacha.

(3) Le hAirteagal 3 de Chinneadh (AE) 2022/1448, údaraítear don Choimisiún formheas a dhéanamh, thar ceann an Aontais, ar leasuithe ar an bPrótacal Cur Chun Feidhme a ghlac an Comhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 14 de CCII i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis na coinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(4) Faoin bPrótacal Cur Chun Feidhme, tá cabhlach an Aontais faoi oibleagáidí gabhálacha a thabhairt i dtír agus a thrasloingsiú i gcalafoirt na Máratáine mar a shonraítear i gCaibidil V d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal Cur Chun Feidhme.

(5) Maidir le hoibleagáidí gabhálacha a thabhairt i dtír, tabharfaidh máistir soithigh de chuid an Aontais fógra do Gharda Cósta na Máratáine agus do na húdaráis chalafoirt den chalafort de chuid na Máratáine inar mian leo a ngabháil a thabhairt i dtír, 24 uair an chloig ar a laghad roimh an tabhairt i dtír. Mar fhreagra ar an bhfógra, déanfaidh Garda Cósta na Máratáine, laistigh de 12 uair an chloig ina dhiaidh sin, a thoiliú a chur in iúl do mháistir an tsoithigh nó d'ionadaí an mháistir trí fhacs nó ríomhphost a chur ar ais.

(6) Maidir le trasloingsiú, tabharfaidh máistir soithigh de chuid an Aontais fógra do Gharda Cósta na Máratáine agus do na húdaráis chalafoirt den chalafort de chuid na Máratáine inar mian leo a ngabháil a thrasloingsiú, 24 uair an chloig ar a laghad (48 n-uair an chloig i gcás soithí tuinníní) roimh an trasloingsiú. Mar fhreagra ar an bhfógra thuas, déanfaidh Garda Cósta na Máratáine, laistigh de 12 uair an chloig ina dhiaidh sin, a thoiliú a chur in iúl do mháistir an tsoithigh nó d'ionadaí an mháistir trí fhacs nó ríomhphost a chur ar ais.

(7) Ó thús 2023, chuir tionscal iascaireachta an Aontais in iúl arís agus arís eile nach raibh sé d'acmhainn ag Garda Cósta na Máratáine fógra a thabhairt faoina thoiliú go tráthúil, mar gheall ar an bplódú i gcalafoirt na Máratáine agus toisc nach bhféadfaí na seirbhísí teicniúla agus oibríochtúla a sholáthar. Chuir na moilleanna a d'eascair as sin táirgí thionscal iascaireachta an Aontais i mbaol. Cé go bhfuil údaráis na Máratáine ag obair chun feabhas a chur ar an staid, bhí plé ann idir an tAontas agus údaráis na Máratáine gur cheart foráil a dhéanamh maidir le maolú ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír sna cásanna sin go dtí go dtiocfar ar réiteach maidir leis na moilleanna.

([1]) IO L 228, 2.9.2022, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1448/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2021/2123 ón gComhairle an 11 Samhain 2021 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus le cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO L 439, 8.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/2123/oj).

(8) An 8 Nollaig 2023, chomhaontaigh an Comhchoiste a oibríonn faoi CCII agus faoin bPrótacal Cur Chun Feidhme scrúdú a dhéanamh ar thogra le haghaidh maolú ar na hoibleagáidí gabhálacha a thabhairt i dtír agus a thrasloingsiú, ar togra é lena gcuirfí é ar a gcumas d'oibreoirí a dtáirgí a thabhairt i dtír i gcalafoirt eile i gcás moilleanna móra chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí do cháilíocht na dtáirgí iascaigh.

(9) D'ullmhaigh an Coimisiún togra lena leasaítear Caibidil V d'Iarscríbhinn I trí roinn nua a chur isteach lena ndéantar foráil maidir le heisceacht ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus a thrasloingsiú i gcás ina rachadh an t-aga feithimh le haghaidh oibríochtaí tabhairt i dtír nó trasloingsithe thar 24 uair an chloig ón dáta agus ón am a shonraítear san fhógra.

(10) An 14 Bealtaine 2024 tíolacadh don Chomhairle an togra le haghaidh an leasaithe i gcomhréir le pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2022/1448 ón gComhairle. Rinne an Chomhairle measúnú ar an togra i gcomhréir le pointe 3 den iarscríbhinn sin agus níor chuir sí ina choinne.

(11) Ba cheart an Cinneadh a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun é a chur ar a gcumas d'oibreoirí a dtáirgí a thabhairt i dtír i gcalafoirt eile i gcás moilleanna móra agus chun aghaidh a thabhairt ar aon riosca do cháilíocht na dtáirgí iascaigh.

(12) Chinn an Comhchoiste an leasú beartaithe a fhormheas trí bhíthin malartú litreacha. Roinneadh na litreacha an 6 Meán Fómhair agus an 30 Meán Fómhair 2024 faoi seach.

(13) Ba cheart an leasú seo ar an bPrótacal a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

Airteagal 1

An leasú ar an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, a ghlac an Comhchoiste trí bhíthin malartú litreacha an 6 Meán Fómhair agus an 30 Meán Fómhair 2024 faoi seach, formheastar leis seo é thar ceann an Aontais.

Tá an leasú ar an bPrótacal i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCaibidil V d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe leis an Mharatáin,

— athraítear foclaíocht cheannteideal phointe 3 mar a leanas: 'Maoluithe ar na hoibleagáidí gabhálacha a thabhairt i dtír, i gcás *force majeure*';

— cuirtear isteach an pointe 4 seo a leanas:

4. Maoluithe ar oibleagáidí maidir le tabhairt i dtír nó trasloingsiú i gcás fanacht le hoibríochtaí maidir le tabhairt i dtír nó trasloingsiú a mhaireann níos faide ná 24 uair an chloig ón dáta agus ón am a shonraítear san fhógra maidir leis an iarraidh ón oibreoir ar thabhairt i dtír nó ar thrasloingsiú i gcomhréir le pointe 1.6 nó 2.5;

1. De mhaolú ar phointí 1 agus 2, féadfaidh na hoibreoirí lena mbaineann a ngabhálacha a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ar na bóithre calafoirt amach ó chalafort sa Mharatáin nó i gcalafort lasmuigh den Mharatáin i gcás deacrachtaí teicniúla nó lóistíochta (*) as a dtiocfaidh moill ar oibríochtaí tabhairt i dtír i nduga nó ar oibríochtaí trasloingsithe ar bhóithre calafoirt soithigh de chuid an Aontais a mhaireann níos faide ná 24 uair an chloig ón dáta agus ón am a shonraítear san fhógra maidir leis an iarraidh ón oibreoir ar thabhairt i dtír nó ar thrasloingsiú i gcomhréir le pointe 1.6 nó 2.5. Féadfaidh oibreoirí, ar bhonn eisceachtúil, an nós imeachta maolaithe seo a leanas a ghníomhachtú:

(a) cuirfidh an t-oibreoir a údaráis náisiúnta, údaráis an Aontais Eorpaigh (Toscaireacht an Aontais chuig an Mharatáin agus AS MARE an Choimisiúin Eorpaigh) agus Garda Cósta na Maratáine ar an eolas láithreach faoin moill mar a léirítear thuas;

(b) iarrfaidh údaráis an Aontais ar an Aire Iascaigh agus Geilleagair Mhuirí tús a chur leis an nós imeachta maolaithe agus seolfaidh siad an liosta de na soithí de chuid an Aontais lena mbaineann chuig Garda Cósta na Maratáine;

(c) cuirfidh údaráis na Maratáine tús leis an nós imeachta maolaithe a luaithe is féidir;

(d) a luaithe a chuirfear tús leis an nós imeachta maolaithe, féadfaidh an t-oibreoir údarú a iarraidh ar Gharda Cósta na Maratáine trasloingsiú a dhéanamh ar na bóithre calafoirt amach ó chalafort sa Mharatáin nó gabhálacha a thabhairt i dtír i gcalafort a shainaithneofar trí chomhaontú frithpháirteach;

(e) déanfaidh Garda Cósta na Maratáine, a luaithe is féidir, oifigigh a cheapadh chun an soitheach nó na soithí lena mbaineann a sheiceáil ar na bóithre calafoirt amach ó chalafort sa Mharatáin nó cigirí a chur ar bord chun an soitheach a thionlacan go dtí an calafort tabhairt i dtír; nuair a bheidh na hoibríochtaí tabhairt i dtír curtha i gcrích, tabharfaidh an t-oibreoir na cigirí ar ais go dtí a n-ionad bordála bunaidh.

(f) tá sé de fhreagracht ar an oibreoir, i gcomhaontú le Garda Cósta na Maratáine, na nósanna imeachta riaracháin is gá a eagrú agus a chur i gcrích le haghaidh thaisteal na n-oifigeach;

(g) tá sé de fhreagracht ar an oibreoir dálaí oibre leormhaithe a sholáthar agus aon chostas a bhaineann le taisteal na n-oifigeach a chumhdach.

2. Beidh feidhm ag an nós imeachta sin gan dochar do na díolúintí eile dá bhforáiltear i bpointí 1.2, 1.4, 1.5, 2.4 agus 3 de Chaibidil V d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal.

3. I gcás ina gcuirfear an nós imeachta maolaithe sin i bhfeidhm, tiocfaidh an dá pháirtí ar chomhaontú freisin maidir leis na socruithe praiticiúla le haghaidh gabhálacha a thabhairt i dtír a bhaineann leis an ranníocaíocht chomhchineáil dá bhforáiltear i mír 2 de Chaibidil III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an bPrótacal, lena n-áirítear an fhéidearthacht gabhálacha de na ranníocaíochtaí carnacha sin a chur siar go dtí turas atá le teacht gan mhoill a thiocfaidh i dtír i gcalafort sa Mharatáin.

4. Beidh feidhm ag an maolú ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1.

(*) Lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcásanna ina bhfuil easpa spáis stórála (agus/nó easpa coimeádán), easpa oighir nó easpa leictreachais sa chalafort le haghaidh ghabhálacha an tsoithigh lena mbaineann.